Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**15702/24**

**CFSP/PESC 1610**
**CSDP/PSDC 798**
**EUMC 530**
**COAFR 405**
**EUTM SOMALIA 18**
**EUCAP SOMALIA 20**
**PSC DEC 66**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/2/2024) |

**CINNEADH (CBES) 2024/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an …**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/2/2024)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia)[1], agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

[1] IO L 187, 17.7.2012, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/389/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2012/389/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 26 Márta 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/1017[2], lena gceaptar Kęstutis LANČINSKAS mar Cheann Misin ar EUCAP Somalia ón 1 Bealtaine 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

(3) An … 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/…[3+], lena gcuirtear síneadh le sainordú EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 28 Feabhra 2027.

(4) An 28 Deireadh Fómhair 2024, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú Kęstutis LANČINSKAS mar Cheann Misin ar EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh (CBES) 2024/1017 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 26 Márta 2024 maidir le Ceann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2024) a cheapadh (IO L, 2024/1017, 2.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1017/oj).

[3] Cinneadh (CBES) 2024/… ón gComhairle an … lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO …, ELI …).

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta glactha agus uimhir thagartha an Chinnidh a leagtar amach in ST 15116/24, agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

*Airteagal 1*

Cuirtear síneadh le sainordú Kęstutis LANČINSKAS mar Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*